Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2018
(OR. en)

9040/18
ADD 4

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0129 (COD)**

TRANS 208
IA 136

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 176 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 176 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 176 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2018
SWD(2018) 176 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú**

{COM(2018) 274 final} - {SEC(2018) 226 final} - {SWD(2018) 175 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Threoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht bonneagair bóthair a bhainistiú agus ar Threoir 2004/54/CE maidir le híoscheanglais sábháilteachta do thholláin bhóthair sa ghréasáin tras-Eorpach bóithre |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| In ainneoin gníomhaíocht leanúnach ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, is beag atá ag tarlú le blianta beaga anuas ó thaobh líon na mbásanna ar na bóithre san Aontas a laghdú, agus tá an chuma air nach móide go mbainfear amach cuspóir straitéiseach an Aontais líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú faoina leath faoi 2020 le hais 2010. Tá gá le gníomhaíocht threisithe ar fud an réimse, agus a mhéid a bhaineann le bonneagar bóthair freisin, atá ina chúis shuntasach tuairteanna agus ina fhachtóir suntasach déine i gcónaí i gcás thart ar 30% de thionóiscí. Sa mheasúnú tionchair agus sna comhairliúcháin, sainaithníodh dhá phríomhfhadhb: Cuid mhaith den taisteal a dhéantar ar ghréasán TEN-T san Oirthear agus roinnt taistil a dhéantar in Iarthar na hEorpa, déantar é ar bhóithre lena mbaineann feidhmíocht íseal sábháilteachta; agus is íseal atá an fheidhmíocht ionsuite atá ag roinnt le bóithre atá lastall de ghréasán TEN-T. Tá difríochtaí móra idir an fheidhmíocht fhoriomlán sábháilteachta atá ag roinnt le bóithre i mBallstáit in Iarthar an Aontais le hais bóithre i mBallstáit in Oirthear an Aontais. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Mar chuspóir ginearálta, is é is aidhm don tionscnamh líon na mbásanna ar bhóithre agus líon na ngortuithe tromchúiseacha ar ghréasáin bóithre an Aontais a laghdú trí fheidhmíocht sábháilteachta an bhonneagair bóthair a fheabhsú. Is iad seo a leanas na ceithre chuspóir shonracha atá ann: 1) Comhchuibhiú agus comhroinnt eolais a chothú idir na Ballstáit i ndáil le nósanna imeachta agus le ceanglais; 2) Úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint; 3) Úsáid na dteicneolaíochtaí nua a fheabhsú; agus 4) an obair leantach a fheabhsú i ndáil le torthaí ó nósanna imeachta maidir le bainistiú sábháilteachta bonneagair bóthair. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is fadhbanna trasteorann i gcoitinne iad na seachtrachtaí diúltacha a bhaineann le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear básanna agus gortuithe, brú tráchta agus truailliú, fadhbanna nach féidir a réiteach le gníomhaíocht náisiúnta nó gníomhaíocht áitiúil amháin. Tá príomhshochair ghníomhaíocht an Aontais i gcomhthéacs an tionscnaimh seo le fáil sa chóineasú i dtreo leibhéil níos airde sábháilteachta bonneagair ar fud an Aontais. Is ag éirí níos sábháilte a bheidh an taisteal ar bhóithre ar fud an Aontais amach anseo agus, ag an am céanna, na tíortha sin nach bhfuil chomh maith céanna ó thaobh feidhmíochta de, rachaidh taithí na dtíortha forbartha chun tairbhe dóibh. Trí cheanglais ghinearálta feidhmíochta a shocrú ar fud an Aontais, e.g. do mharcálacha bóthair agus do chomharthaí bóthair, is fusa a bheidh sé feidhm a bhaint as eilimintí nua sábháilteachta a bhíonn ag brath ar ghnéithe den bhonneagar bóthair, amhail cúnamh maidir le fanacht sa lána. A mhéid a bhaineann le húsáideoirí soghonta bóithre, áiritheofar, le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, go ndéanfar measúnú ar leithligh, le measúnuithe ar shábháilteacht ar bhóithre, ar shábháilteacht na n-úsáideoirí soghonta bóithre chun a sábháilteacht a fheabhsú ar fud an phríomhghréasáin bóithre san Aontas. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth sin?** |
| Rinneadh measúnú ar leithligh ar roghanna is infheidhme maidir le gréasán TEN-T (roghanna beartais 1-3) agus ar na roghanna sin is infheidhme maidir le cuid den ghréasán lastall de TEN-T (roghanna beartais A-C).<br>Roghanna beartais maidir le gréasán TEN-T<br>- Is éard atá i **rogha beartais 1** bearta "boga" chun comhroinnt eolais a chur chun cinn, mar aon le bearta reachtacha chun trédhearcacht nósanna imeachta a fheabhsú agus chun ceanglais a thabhairt isteach chun díriú ar a shábháilte atá úsáideoirí soghonta bóithre agus chun gur fusa a bheidh sé leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua. Le rogha beartais 1, cruthaítear freisin comhéadan níos fearr idir an Treoir maidir le sábháilteacht bonneagair bóthair a bhainistiú (RISM) agus an Treoir maidir le sábháilteacht i dtolláin.<br>- le **rogha beartais 2**, déantar forbairt ar Rogha 1 agus foráiltear freisin d'obair leantach éigeantach tar éis cigireachtaí trí phleananna tosaíochta rioscabhunaithe, trí chigireachtaí ar an tsábháilteacht ar fud an ghréasáin agus trí cheanglais ghinearálta feidhmíochta maidir le marcálacha bóthair agus comharthaí |

bóthair.
- le **rogha beartais 3**, déantar forbairt ar Rogha 2 agus foráiltear freisin do leibhéal íosta sábháilteachta a bheidh le baint amach ar bhóithre in TEN-T agus, ina theannta sin, sainítear íoscheanglais bhreise feidhmíochta d'fheisteas bóthair (ráillí cosanta atá fabhrach do ghluaisrothair).
Roghanna beartais maidir leis an ngréasán nach é gréasán TEN-T é
- le **rogha beartais A**, beidh aon tionscadal bóthair ar an ngréasán náisiúnta bóithre agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le cistí de chuid an Aontais, beidh sé faoi réir na nósanna imeachta a fhorordaítear i dTreoir RISM.
- le **rogha beartais B**, is éigeantach i gcás bóithre náisiúnta/príomhbhóithre lastall de TEN-T a bheidh na nósanna imeachta atá ag gabháil le Treoir reatha RISM.
- le **rogha beartais C**, forbraítear Rogha Beartais B agus leathnaítear na bearta de chuid Rogha Beartais 2 le go gcumhdaítear bóithre náisiúnta/príomhbhóithre lastall de TEN-T leo.
Is iad **rogha beartais 2** agus **rogha beartais C**, faoi seach, na roghanna tosaíochta. Féadfar an dá rogha sin a úsáid i dteannta a chéile.

**Cad iad dearcthaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad a thacaíonn le gach rogha ar leith?**

Tacaítear go forleathan le bearta a bhfuil sé mar aidhm leo an trédhearcacht agus an obair leantach a fheabhsú agus, ina theannta sin, aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na riachtanais atá ag úsáideoirí soghonta bóithre. Tá oscailteacht ann freisin i leith an smaoinimh cigireachtaí a dhéanamh ar fud an ghréasáin cé go bhfuil roinnt Ballstát buartha faoi leibhéal íosta sábháilteachta a shainordú do TEN-T, go háirithe a mhéid a bhaineann le costais agus an mhodheolaíocht a bheadh le húsáid. Ba é an togra ba chonspóidí go leathnófaí an raon feidhme lastall de TEN-T, agus bhí eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gnólachtaí i bhfabhar an leathnaithe sin cé gurbh fhearr le húdaráis na mBallstát go gcoimeádfaí an cur i bhfeidhm teoranta do TEN-T.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad sochair na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad sochair na bpríomhroghanna)?**

Meastar go mbeidh na tionchair seo a leanas ann má úsáidtear rogha beartais 2 agus rogha beartais C i dteannta a chéile:

- Beidh tionchar dearfach ann maidir le líon na mbásanna ar bhóithre agus líon na ngortuithe tromchúiseacha; meastar go dtiocfaidh laghdú 3,200 duine agus 20,700 ar an dá líon sin faoi seach thar an tréimhse 2020-2030 i gcomparáid leis an mbunlíne (agus go ndéanfar 14,650 saol a shábháil agus 97,502 gortú tromchúiseach a sheachaint idir 2020 agus 2050).

- Mar thoradh ar obair leantach chuí a dhéanamh ar nósanna imeachta RISM i gcoitinne agus mar thoradh ar chigireachtaí ar fud an ghréasáin go háirithe, déanfar mórán idirghabhálacha mionscála ar an ngréasán bóithre a chumhdaítear. FBManna is mó a dhéanann na gníomhaíochtaí sin, agus is móide, dá bhrí sin, go mbainfidh siadsan tairbhe as an tionscnamh.

- D'fhéadfadh sé go mbeadh dea-thionchair bheaga ag na bearta ar an gcomhshaol freisin. Ach níos lú tuairteanna bóthair a bheith ann, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an sreabh fhoriomlán thráchta a fheabhsú beagáinín. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an mbrú tráchta agus ar an tomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí aeir. Mar sin féin, meastar go mbeidh na tionchair sin an-teoranta agus, dá bhrí sin, ní chainníochtaítear iad.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Meastar gurb é EUR 9,444 milliún an costas a bheidh ar na nósanna imeachta ábhartha a chur chun feidhme agus ar an uasghrádú is gá a dhéanamh ar an ngréasán bóithre.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Is móide go mbainfidh FBManna tairbhe as an tionscnamh seo (féach thuas). Is gníomhaíochtaí de chineál logánta iad na gníomhaíochtaí sin agus, dá bharr sin, meastar nach mbeidh aon tionchar acu ar a iomaíche atá cuideachtaí an Aontais.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Imreofar. Cumhdófar costais an tionscnaimh leis na buiséid agus riaracháin náisiúnta. Ach is fiú go mór na costais sin i bhfianaise na sochar sóisialta a bheidh ann mar thoradh ar an tionscnamh.

| An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? |
| --- |
| Ní bheidh. |
| **Comhréireacht?** |
| Ní rachaidh an rogha thosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun an bhunfhadhb a réiteach agus chun cuspóirí an tionscnaimh a chomhlíonadh. Tá sé comhréireach an raon feidhme a leathnú lastall de TEN-T ós rud é go spriocdhírítear 15 % den ghréasán bóithre de réir faid atá ina chúis le tuairim is 39 % de líon na mbásanna ar bhóithre san Aontas. Chun an chomhréireacht a áirithiú tuilleadh, beidh na Ballstáit rannpháirteach maidir leis an ngréasán bóithre lena mbaineann a shainiú go beacht. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| A luaithe a bheidh an creat reachtach nua i bhfeidhm ina iomláine, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin meastóireacht chun a fhíorú ar baineadh na cuspóirí amach. Tá sé ceaptha, leis an meastóireacht sin, atá bunaithe ar an rátáil sábháilteachta a thugtar do na bóithre sin atá cumhdaithe ag na nósanna imeachta agus ar an bpríomhtháscaire dul chun cinn a shainítear sa mheasúnú tionchair, cinneadh a dhéanamh ar tháinig feabhas ar chúrsaí mar thoradh ar na bearta nua. |